

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

Nuacht

Fógraíonn an Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige dhá scéim maoinithe don scoil bhliain 2020-2021.



Tagann Scéim **Neartú** in áit an Scéim Tacaíochta sna hEalaíona Dúchasacha don óige a fógraíodh i 2019.

Fógraítear Scéim Neartú le breis forbairt a dhéanamh ar na healaíona dúchasacha don t-aos óg le linn an scoil bhliain 2020-2021. Is ar mhaithe le soláthar clár agus ranganna ceoil, damhsa, amhránaíochta agus na healaíona béil ar fud na Gaeltachta an scéim seo.

Is scéim straitéiseach í **NÓTA** atá oscailte do ghrúpaí agus daoine aonarachacha sna ceantair Gaeltachta lasmuigh de chomhthéacs oideachais foirmeálta. Is ar mhaithe le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna an scéim seo.

Moltar teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha sula ndéantar iarratas ar aon cheann do na scéimeanna thuas. Tuilleadh eolais thíos nó téigh chuig an suíomh - www.ealain.ie.

Nuacht

Óró..

Is togra uaillmhianach drámaíochta agus ealaíne é Óró.. a thabharfas cúigear ealaíontóirí gairmiúla a bhíonn ag saothrú i mionteangacha na hEorpa i gcomhpháirt lena macasamhail de bhunús Gaeltachta chun tabhairt faoi mhórshaothar nua drámaíochta agus taibh-ealaíne a chruthú agus a léiriú. 

Teanga, tírdhreach agus imirce na príomh-théamaí a shníomhfas le chéile an mórshaothar nua seo atá á chruthú thar thréimhse bliana agus a léireofar in Amharclann speisialta suíomhoiriúnaithe ar an gCeathrú Rua ón Luan **21 go Satharn 26 Meán Fómhair 2020.**


Léiriú iomlán comhaimseartha a bheas in Óró.. a thabharfas dúshlán na n-ealaíontóirí agus an lucht féachana araon. Beidh na sé theangacha éagsúla á snaoi le chéile chun eispéaras úrnua, spreagúil agus neamhghnách a chruthú don phobal.

Cé go bhfuil clár ealaíne Gaillimh 2020 curtha go mór as a riocht de bharr Covid 19, tá na healaíontóirí atá páirteach ar Óró.. ag nascadh faoi láthair ar líne chun an píosa ealaíne uaillmhianach seo a chruthú agus fiú má leanann na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair amach sa bhFómhar, cuirfear an léiriú seo faoi bhráid an phobail i mí Meán Fómhair, ar líne, más gá.

Tá Ealaín na Gaeltachta fíor-buíoch do na páirtneirí agus na maoinitheoirí éagsúla as ucht a gcuid tacaíochta leis an mórthogra ealaíne seo. Eolas breise le fáil **anseo.**



Foras na Gaeilge



Nuacht

Ceardlanna, Altanna Eolais

Tá fáil mhaith ar imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne i rith na hama seo.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, Create, The Wheel, An Chomhairle Ealaíon, Visual Arts Ireland agus Journal of Music. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthú le fáil thríd a gcuid leathanaigh Facebook nó a suíomh, déan cliceáil thíos.


- Theatre Forum




- Create



- An Chomhairle Ealaíon



- Journal of Music



- The Wheel



- Visual Arts Ireland



Nuacht

Gradam Joe Steve

Tá comórtas drámaíochta raidió fógartha ag Raidió na Gaeltachta i gcomhar le Fíbin. Táthar ag súil go dtabharfaidh an comórtas seo spreagadh do scríbhneoirí le dhul i mbun pinn.



Athchoimre 500 focal atá ag teastáil – gearrdhrámaí Gaeilge bunaithe ar scéalta miotais nó stairiúla na hÉireann atá á lorg, ach iad a bheith scríofa i stíl chomhaimseartha.

Spriocdháta: 22 Bealtaine 2020.

Tréimhse Cónaitheach

Tugann Ionad Chultúrtha, i mBaile Bhuirne cuireadh d'ealaíontóirí traidisiúnta tréimhsí cruthaitheach a chaitheamh i nGaeltachta Mhuscraí le linn 2020/2021.

Tá ag glacadh le léiriú suime anois siocair gur am maith atá ann machnamh a dhéanamh ar thograí úra.

Bí i dteagmháil le Aoife ar aoife@ionadculturtha.ie nó 02645733

Tuilleadh eolas [anseo](#).

Fógraíodh an chéad dhá tréimhse agus beidh na h-ealaíontóirí seo ag tábhairt fé's na tréimhsí níos déanaí sa bhliain. Ag teacht go Múscaí beidh an scríobhneoir Róisín Ní Shíthigh ó Chorca Dhuibhne ó dhúchas a bheidh ag obair ar dhráma Gaoluinne atá idir láimh aici le cúpla bliain anuas. Beidh an t-ealaíontóir Maeve McSweeney ó Bhéal an Dá Chab ag teacht chughainn chomh maith is í chun tábhairt fé shaothar ealaíne de shaoí na namhráin Máire Ní Cheocháin-Uí Chrualaoí

Na hIonaid

Ag leanúint don treoir atá eisithe ag an Rialtas agus na húdaráis Sláinte Poiblí, tá na hIonaid Ealaíona Gaeltachta thíos dúnta don phobal go bhfógraítear a mhalairt. Tá go leor obair ar na bacáin acu – coinnigí súil ghearr ar a gcuid leathanaigh Facebook.

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne




An Gailearaí, Gaoth Dobhair



Áras Éanna, Inis Oírr



Áras Inis Gluaire



Deiseanna Eile


Music Network

Ceardlann eolas do cheoltóirí: Díríonn an ceardlann seo ar cónas is féidir le ceoltóirí a ngairmeacha beatha a bhainistiú, ag díriú ar scileanna láithreoireachta pearsanta agus ar an leas is fearr a bhaint as na huirlisí digiteacha atá ar fáil.

Butterfly Sessions: 24 ceoltóir agus cumadóir, ealaíontóirí Gaeltachta ina measc, a dhéanfaidh píosaí ceoil nua-choimisiúnaithe a léiriú den chéad uair in sraith taibhithe ceoil ar líne 'The Butterfly Sessions.' Gach Céadaoin agus Aoine óna 7 a chlog. Bí anseo ar Youtube

Anú Pictures

Is ealaín agus ealaíontóirí Mhúscaí agus na Gaeltachta atá mar ábhar ag roinnt mhaith de scannáin Dhónail Uí Chéilleachair/ANÚ Productions, Iomramh an Chamino ina measc. Is féidir an saothar seo a shú isteach sa bhaile tríd a phictiúrlann ar líne. Gach eolas ar www.anupictures.com



Ciste Faoisimh COVID-19: Tionscal Ceoil na hÉireann:

Cruthaíodh an ciste seo chun cabhrú le cruthaitheoirí ceoil na hÉireann. Tá sé oscailte do scríbhneoirí, cumadóirí, taibheoirí, ceoltóirí seisiúin agus lucht eagraithe atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh tríd an tréimhse dhúshlánach seo.

Gheobhaidh iarratasóirí rathúla íocaíocht faoisimh éigeandála aonuaire ar luach € 750.

Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos. Tá go leor eolas agus achmhanní ar fáil an an suíomh www.artscouncil.ie

Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

Tabhair faoi deara go bhfuil cuid de na spriocdhátaí curtha siar dá bharr an choróinvíreas.

Sparánacht An Chéad Ghlúin Eile d'Ealaíontóirí - 14/05/2020

Scéim Cónaitheachta, Ealaíontóirí & Obair Óige - 20/05/2020

Scoileanna Ildanacha - 25/06/2020

Scéim spás oibre na bhfísealaíontóirí - 02/07/2020

Éigse Éireann



Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhilí.

Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Éigse Éireann.

www.poetryireland.ie

Create Éireann - Spriocdhátaí Athruithe



Scéim Ealaíontóir sa Phobal:

Sprioc dhátaí athraithe ó 30 Márta go 27 Iúil do Bhabhta 2 - Dhámhachtain Taighde & Forbartha & Damhachtain Tograí

Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar www.create.ie

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir Clár na hEalaíona
Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Anna Ní Fhlatharta
Riarthóir Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: a.nifhlatharta@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100